C/2024/2129

14.3.2024

# Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/2129)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**'Gigondas'**

**PDO-FR-A0143-AM04**

**Dáta na teachtaireachta: 18.12.2023**

## TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe**

I Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' de Chaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán 'Gigondas', leasaíodh pointe 1 'Limistéar geografach' agus pointe 3 'Limistéar díreach in aice láimhe' gan aon athrú breise, chun an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil 2023 a thabhairt cothrom le dáta.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna leis an doiciméad aonair, faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe'.

2. **Limistéar dáileachta críochaithe**

I Roinn IV, 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' de Chaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán 'Gigondas', leasaíodh pointe 2 'Limistéar dáileachta críochaithe', gan aon athrú breise, chun an dáta formheasa ag an údarás náisiúnta inniúil le haghaidh an limistéar dáileachta críochaithe laistigh de limistéar geografach an táirgthe a thabhairt cothrom le dáta. Déantar dáileachtaí a chríochú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgthe a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge atá cumhdaithe leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá i gceist a tháirgeadh. Níl an limistéar geografach athraithe.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm( ainmnneacha)**

Gigondas

2. **An cineál táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Fíonta rosé neamhcharbónáitithe

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta de 12.5 % de réir toirte ag na fíonta.

Tráth an phacáistithe: níl an cion siúcra choipigh (glúcós + fruchtós) níos mó ná 3 g in aghaidh an lítir.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Táirgtear na fíonta dearga agus na fíonta rosé as na cineálacha Grenache N, Syrah N agus Mourvèdre N den chuid is mó. Tá cion Grenache N sna fíonta cothrom le 50 % ar a laghad.

Tugann Grenache N tainniní agus maothlach do na cumaisc. Le cainníocht mheasartha Syrah N neartaítear an dath agus an déine cumhra agus tugtar cumas aosúcháin níos fearr don fhíon, gan a tréithe a athrú. Comhlánaítear Grenache N.ar bhealach foirfe le Mourvèdre N, lena hacmhainn ard frithocsaídeora, feabhsaíonn sí castacht aramatach na fíona, cuireann sí blasanna spíosracha léi agus oireann sí go foirfe don aibiú in adhmad. Tá aire suntasach tuillte ag an bhfíon rosé, cé nach bhfuil inti ach céatadán beag den táirgeacht fhoriomlán, go háirithe mar gheall ar a tathag sa bhéal. Tá dath bándearg domhain uirthi le himreacha corcra. Bíonn cumhracht d'almóinní agus caora cócaráilte mar shaintréithe an bholaidh, agus bíonn sí láidir ach dea–chothromaithe sa bhéal.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | 14.5 |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 14.28 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | |

2. Fíonta dearga neamhcharbónáitithe

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta de 12.5 % de réir toirte ag na fíonta.

Tráth an phacáistithe:

— Tráth an phacáistithe, ní bhíonn an cion aigéid mhalaigh níos mó ná 0.3 g in aghaidh an lítir;

— is é 45 ar a laghad atá san innéacs ilfheanóil foriomlán;

— ní bhíonn an cion siúcra choipigh (glúcós + fruchtós) níos mó ná 3 g in aghaidh an lítir.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Táirgtear na fíonta dearga agus na fíonta rosé as na cineálacha Grenache N, Syrah N agus Mourvèdre N den chuid is mó. Tá cion Grenache N sna fíonta cothrom le 50 % ar a laghad.

Tugann Grenache N tainniní agus maothlach do na cumaisc. Le cainníocht mheasartha Syrah N neartaítear an dath agus an déine cumhra agus tugtar cumas aosúcháin níos fearr don fhíon, gan a tréithe a athrú. Comhlánaítear Grenache N.ar bhealach foirfe le Mourvèdre N, lena hacmhainn ard frithocsaídeora, feabhsaíonn sí castacht aramatach na fíona, cuireann sí blasanna spíosracha léi agus oireann sí go foirfe don aibiú in adhmad. Bíonn an fhíon dearg an-oiriúnach lena dtabhairt chun cineáil. Bíonn a dath lonrach dearg idir dath an rúibín agus dath an ghairnéid dhorcha. Láidir agus flaithiúil bíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha an-aibí aici ina hóige, ag forbairt blasanna fiáine de chasarnach agus strufail.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | 14.5 |

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 17.30 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | |

3. Fíonta geala neamhcharbónáitithe

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta de 12 % de réir toirte ag na fíonta geala.

Níl an cion siúcra choipigh (glúcós + fruchtós) níos mó ná 3 g in aghaidh an lítir.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Déantar na fíonta geala as fíonchaora nó fíonta ina mbíonn ar a laghad 70 % Clairette Blanc.

Táirgtear na fíonta geala i dtrí chrios. Léirítear ábhar mianaigh agus cothromaíocht leo agus tá dath éadrom gléigeal orthu le himreacha glasa, dath a éiríonn níos déine agus níos órga le haosú uaireanta.

Ar an talamh ard, déantar na cineálacha fíonchaor geal, go príomha Clairette, a aibiú go mall, rud a thugann úire dóibh. Tagann an t-ábhar mianaigh, ón bhfostratam aolchloiche de réir a chéile. Tugtar cáilíocht aerach do na fíonta le meascán an dá eilimint sin.

Ar an gcón snaíochair, glacann na cineálacha fíonchaor geal struchtúr beagáinín níos tibhe, ag léiriú fós ag an am céanna gurb ann don aolchloch a bhíonn le fáil gach áit in Gigondas.

Ar an ngaineamh Méicéineach, taispeánann na cineálacha fíonchaor geal, go háirithe Clairette, salandacht agus castacht aramatach.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | 14.5 |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 17.30 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Treorú na bhfíniúnacha

An modh saothraithe

— Ní mór nach mó ná 2.50 m í an spásáil idir na línte fíniúnacha.

— Ní mór an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach fíniúna a bheith níos mó ná 2.50 $m^2$. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an fad idir rónna agus an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a iolrú.

— Ní mór an fad idir na fíniúnacha sa tsraith chéanna a bheith idir 0.80 m agus 1.25 m.

— Déantar gearrphrúnáil ar na fíniúnacha (ag úsáid an mhodh cuachphrúnála nó cordon de Royat), agus bíonn 6 spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Bíonn dhá bhachlóg inchomhairthe ar a mhéad ar gach spor.

— Tá an tréimhse chun cordon de Royat a bhunú nó a athghiniúint teoranta do 2 bhliain. I rith na tréimhse sin, ceadaítear modh Guyot aonair á úsáid agus cána ar a mbíonn 8 mbachlóg inchomhairthe ar a mhéad agus spor amháin ar a mbíonn dhá bhachlóg inchomhairthe ar a mhéad, nó prúnáil dúbailte Guyot, ar a mbíonn dhá shlat agus cúig bhachlóg ar gach ceann acu agus dhá spor athsholáthair ar a mbíonn dhá bhachlóg ar gach ceann acu.

— Is féidir modh Guyot aonair agus cána ar a mbíonn ocht mbachlóg inchomhairthe ar a mhéad agus spor amháin nó dhá spor ar a mbíonn dhá bhachlóg inchomhairthe ar a mhéad ar gach spor á úsáid le haghaidh na gcineálacha Syrah N and Viognier B.

Féadfar uisciú a údarú.

2. Cleachtais fíonóireachta

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuain na bhfíonchaor ag teocht os cionn 40 °C.

— Toirmisctear úsáid sliseanna adhmaid.

— Toirmisctear an gualach fíonóireachta a úsáid agus fíonta rosé á ndéanamh, bíodh sé leis féin nó measctha in ullmhúcháin.

Anuas ar na forálacha thuasluaite, ní mór do na cleachtais fíonóireachta uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh freisin.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon dearg agus fíon rosé

40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta geala

44 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a thabhairt chun cineáil i gcomún Gigondas de roinn Vaucluse, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023.

7. **Cineál(acha) fíniúna**

Bourboulenc B – Doucillon Blanc

Brun argenté N – Vaccarèse

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Clairette Rose Rs

Counoise N

Grenache N

Grenache Blanc B

Grenache Gris G

Marsanne B

Mourvèdre N – Monastrell

Muscardin N

Piquepoul Blanc B

Piquepoul Noir N

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

Terret Noir N

Ugni Blanc B

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc):**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha agus daonna is ábhartha don nasc*

An limistéar a shainmhínítear do tháirgeadh fíonta ar a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Gigondas', atá lonnaithe i gcroílár fhíonghoirt theas Ghleann Rhône agus a aithnítear mar *Cru des Côtes du Rhône*, tá sé ina chuid lárnach de mhasaíf shuntasach aolchloiche Dentelles de Montmirail, a rinneadh creimeadh a dhealbhú i gcruth suntasach mórthaibhseach. Tá an común Gigondas i roinn Vaucluse sa limistéar geografach críochaithe. Cuirtear na fíonghoirt ar airde idir 160 agus 400 méadar agus le treoshuíomh na talún mar sin bíonn siad cosanta ar an iomarca gréine le linn an tsamhraidh. Lena suíomh taobh cnoic cosnaítear iad ar cheo agus ar shioc an earraigh, lena n-áirithítear buaint tráthrialta gach bliain. Aeráid tipiciúil de réigiún Provençale atá ann, aeráid ina mbíonn codarsnachtaí, brothall samhraidh na Meánmhara agus an ghaoth Mistral uafásach. Mar a tharlaíonn i ngach cuid de réigiún na Meánmhara, is féidir leis an mbáisteach a bheith iontach trom i dtrátha chónochtaí an earraigh agus an fhómhair.

Le 2 000 bliain anuas, rinne muintir Gigondas, sráidbhaile ag bun Dentelles de Montmirail, a bheatha a shaothrú go príomha ón bhfíonsaothrú. Meastar gur bunaíodh na céad eastáit fíonóireachta ag saighdiúirí an dara léigiún Rómhánach. Sa 19ú céad, tháinig méadú seasta ar tháirgeadh fíonta 'Gigondas', mar a tharla freisin leis an gclú a bhaineann leo. Ar bhonn na cáile sin tháinig 'Gigondas' chun bheith ina shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint in 1924, i gcomhréir leis an dlí an 6 Bealtaine 1919.

Cláraithe ar dtús faoin sonrúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Rhône' (aithníodh é i bhforaithne an 19 Samhain 1937), aithníodh fíonta 'Gigondas' go luath ina dhiaidh sin de bharr a gcáilíochta agus a saintréithe suntasacha. Dá thoradh sin, ó 1951 ceadaíodh ainm an chomúin a bheith ar an lipéad ar ndóigh le taobh an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe 'Côtes du Rhône'. Ar an 6 Eanáir 1971, tugadh aitheantas do 'Gigondas' féin le foraithne mar sonrúchán tionscnaimh cláraithe, ag dul isteach, ar an gcaoi sin, fine fíonta *Crus des Côtes du Rhône*.

In 2009, cumhdaíodh 1 230 heicteár leis na fíonghoirt, agus meántáirgeacht de 32 500 heictilítear.

Táirgtear trí chineál fíona: bhí fíonta dearga mar 99 % den táirgeadh, agus cainníocht i bhfad níos lú fíonta rosé agus fíonta geala. Táirgtear 80 % de na fíonta ag fíonlanna príobháideacha.

8.2. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Ba cheart go measfar Gigondas, ar a dtugadh *jucunditas* (an Laidin ar 'sonas agus lúcháir') tráth mar shuíomh den scoth chun fíonta a tháirgeadh le féiniúlacht an-suaithinseach ar aithníodh a cáilíocht le fada.

Oireann an limistéar don fhíonóireacht go foirfe, agus i gcaitheamh na mblianta bhí muintir na háite in ann buntáiste uasta a bhaint as agus obair go cúramach leis an amhábhar uathúil, atá mar thoradh a gcuid saothair ar an talamh.

I dtimpeallacht ghalánta, i measc darach toilm agus crann olóige, le méasaeráid mhaith, cuirtear na fíonghoirt ar ithreacha tréscaoilteacha a laghdaíonn an creimeadh ar uisce a ritheann chun srutha is cúis leis agus a chuireann ar a gcumas do na dáileachtaí talún a roghnaíodh go cúramach a thriomú go tapa. Go ginearálta, comhcheanglaíonn na hithreacha seo maitrís chréúil, atá oiriúnach do bhainistíocht uisce rialaithe, le cion mór gairbhéil atá mar chuidiú leo triomú amach agus a bhfuil éifeacht thairbheach aige ar theochtaí agus na fíonchaora ag aibiú. Tá na fánaí lonnaithe ag airde 160 m go 400 m, os cionn ceo an Rhône, agus leis sin, i dteannta lena dtreoshuíomh (ó thuaidh siar ó thuaidh) cosnaítear na fíniúnacha ón iomarca gréine agus ó shioc an earraigh.

Dá réir sin, bíonn na buntáistí uile a bhaineann le haeráid réigiún Provençale ar fáil i gcomún Gigondas, i.e. flúirse na gréine agus an Mistral, gaoth fhuar thirim a chuidíonn le galair fhungasacha a laghdú agus le tiúcháin nádúrtha sna torthaí a mhéadú, gan na míbhuntáistí, a bhuí leis an gcosaint atá ar fáil ó shliabhraon Dentelles de Montmirail.

Thar thréimhse 2 000 bliain, mar gheall ar na tosca sin uile, chomh maith le hobair chrua agus saineolas na saothróirí fíniúna, atá le feiceáil go háirithe ina roghanna cineálacha fíniúna agus sórtáil éigeantach na dtorthaí, tháinig aitheantas agus clú ar na fíonta a táirgeadh faoin ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Gigondas' agus thar aon ní eile ligtear dóibh a saintréithe suntasacha a choinneáil.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh, forbairt agus aibiú fíonta, cuimsítear críoch na gcomún seo a leanas i Roinn Vaucluse, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

Aubignan, Le Barroux, Beaumes-de-Venise, Beaumont-du-Ventoux, Bédarrides, Bollène, Buisson, Caderousse, Cairanne, Camaret-sur-Aigues, Caromb, Carpentras, Châteauneuf-du-Pape, Courthezon, Le Crestet, Entrechaux, Faucon, Jonquières, Lafare, Lagarde-Paréol, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Loriol-du-Comtat, Malaucène, Mazan, Mondragon, Mornas, Orange, Piolenc, Puymeras, Rasteau, Roaix, La Roque-Alric, Sablet, Sainte-Cécile-les-Vignes, Saint-Hippolyte-le-Graveyron, Saint-Léger-du-Ventoux, Saint-Marcellin-lès-Vaison, Saint-Romain-en-Viennois, Saint-Roman-de-Malegarde, Sarrians, Séguret, Sérignan-du-Comtat, Sorgues, Suzette, Travaillan, Uchaux, Vacqueyras, Vaison-la-Romaine, Vedène, Villedieu, Violès agus Visan.

Faisnéis lipéadaithe breise

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

(a) Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith léirithe ar lipéid fíonta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is suíomh cláraithe é;

— bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

(b) Féadfar ainm aonad geografach níos leithne 'Cru des Côtes du Rhône' nó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid fíonta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh cláraithe. Leagtar amach na rialacha lena rialaítear úsáid an aonaid gheografaigh níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí caomhnaithe agus bainistíochta lena mbaineann.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-439e2397-7b57-4a70-b1c8-f4a8a3a3aff6